



GAELSCOIL THAOBH NA COILLE
BEALLAIRMÍN
AN CHÉIM
B.Á.C.18

UIMHIR ROLLA 20020R

Plean Feabhsúcháin Scoile: Achomair

Tréimhse mheastóireachta: *Meán Fómhair 2013 go Meitheamh 2016*

Dáta eisiúna an phlean: *Meán Fómhair 2014*

1. Réamhrá

1.1 Fócas na meastóireachta

Mar chuid d'ár n-obair leanúnach sa scoil, rinneamar féinmheastóireacht scoile ar theagasc agus ar fhoghlaím i mbliana. Rinneamar meastóireacht ar an nGaeilge. Le haghaidh tuilleadh eolais ar an gcaoi inar tharla an mheastóireacht, féach ár dTuairisc Fhéinmheastóireachta Scoile atá ar fáil ar shuíomh gréasáin na scoile www.taobhnacoille.ie

Leagann an plean feabhsúcháin scoile amach na gníomhartha a dhéanfaimid sa scoil sna trí bliana seo romhainn in 2013/2014 - 2015/2016. Is é príomhaidhm na ngníomhartha seo ná chun feabhas a chur ar fhoghlaím ár ndaltaí.

2. Achoimre ar thorthaí na féinmheastóireachta scoile

2.1 Tá láidreachtaí ag ár scoil sna réimsí seo a leanas:

Láidreachtaí

1. Tá caighdeán ard á bhaint amach ag daltaí na scoile sa Ghaeilge de réir na triallacha caighdeánacha.
2. Dearcadh an-dearfach ag daltaí uile na scoile i leith na Gaeilge.
3. Tá Gaeilge á labhairt ag gach duine sa scoil ar bhealach an-nádúrtha.

Tá sé seo ar eolas againn toisc go ndearnamar comhairliúchán le daltaí & múinteoirí agus gur scrúdaíomar torthaí na dtrialacha chaighdeánaithe agus go ndearnamar inniúchadh ar obair scríofa na ndaltaí sa scoil.

2.2 Tá sé beartaithe ag ár scoil tús áite a thabhairt do na réimsí forbartha seo a leanas:

Réimsí forbartha

1. Cruinneas teanga na ndaltaí a fheabhsú
2. Saibhreas teanga na ndaltaí a fhorbairt
3. Díriú ar cheart úsáid an bhriathair, le béim ar leith ar na briathra neamhrialta.
4. Plean grádaithe don Ghaeilge a chur le chéile de réir gach caighdeán ranga sa scoil

Tá sé beartaithe againn tús áite a thabhairt do na réimsí seo toisc go gcreidimid go bhfuil sé fíor thábhachtach go mbeadh an Ghaeilge atá á labhairt agus á chloisteáil ag na daltaí líofa, saibhir agus cruinn. Cé go bhfuil líofacht teanga ag na daltaí agus go bhfuil sé ar a gcumas iad féin a chur in iúl go hiomlán trí Ghaeilge aithnímid go bhfuil laige le feiceáil i gcruinneas na teanga labhartha sin agus go bhfuil sé sin le feiceáil freisin sa teanga scríofa. Mar gur ar scoil amháin a labhraíonn agus a chloiseann formhór na ndaltaí a fhreastalaíonn ar an scoil s'againne an Ghaeilge déanann na daltaí daingniú ar bhotúin Gaeilge, cruinnis & structúr a chéile agus déanann siad structúir agus múnlaí an Bhéarla a chur i bhfeidhm ar an nGaeilge. Is gá go mbeadh teanga labhartha na ndaltaí cruinn & líofa le go mbeidh sé ar a gcumas saibhreas agus cruinneas teanga a bhaint amach sa scríbhneoireacht.

2.3 Tá na spriocanna feabhsúcháin seo a leanas leagtha amach a bhaineann le gnóthachtáil na ndaltaí agus tá na **gníomhartha** seo a leanas aitheanta a chuideoidh leis na spriocanna sin a bhaint amach sna trí bliana atá romhainn.

Sprioc d'fheabhsúchán

Gníomh

- | | |
|--|--|
| 1. An leagan ceart agus cruinn de na botúin chomónta a sholáthar do na daltaí. | 1. Plean Feabhsúcháin Scoile don Ghaeilge (múinteoirí & daltaí) |
| 2. Go n-aithneodh na daltaí an difríocht idir Ghaeilge chruinn agus mí-chruinn. | Tá plean bíseach don Ghaeilge ó rang na naíonáin go rang a sé curtha le chéile ag an bhfoireann teagaisc. Díríonn an plean seo ar chruinneas na teanga ó thaobh na gramadaí, litriú, saibhreas & structúir teanga de. Leanfar an plean seo i ngach rang agus beidh sé mar chuid dílis den pleanáil don Ghaeilge. |
| 3. Díriú ar ceart úsáid an bhriathair rialta & neamhrialta 'sna haimsirí éagsúla. | |
| 4. Go méadófar saibhreas teanga labhartha na ndaltaí. | |
| 5. Go gcloisfear na nathanna cainte a cuireadh os comhair na ndaltaí sa rang á n-úsáid i gcaint nádúrtha na ndaltaí agus go bhfeicfear iad in úsáid ina scríbhíní chomh maith. | larrfar ar na daltaí iad féin agus a gcuid comhleacaithe a cheartú nuair a úsáideann siad Gaeilge mí-chruinn. |
| 6. Córas aitheantais ag díriú ar fheabhas an dalta aonair agus ranga ó thaobh labhairt agus cruinneas na Gaeilge de. | Tabharfar moladh & aitheantas dóibh siúd a úsáideann Gaeilge chruinn & saibhir. Gaeilgeoir na Seachtaine & Duais ranga Gaeilgeoirí na Míosa |

Mar thuismitheoir, is féidir leat cuidiú linn trí....

- Gaeilge a labhairt i gcónaí agus tú ar láthair na scoile agus ag imeachtaí scoile
- Gaeilge a labhairt le do pháistí sa bhaile chomh minic is gur féidir leat
- Breathnú/éisteacht le cláranna Gaeilge ar an teilifís & ar an radio
- Cur le do chumas féin sa ghaeilge trí fhreastal ar na ranganna Gaeilge a chuireann Cumann na dTuistí ar fáil nó ar ranganna Gaeilge ar bith eile.

2.4 Beidh a fhios againn go bhfuil ár spriocanna sroichte againn nuair

- a chloisfidimid Gaeilge níos cruinne á labhairt ag na daltaí
- a cheartaíonn na daltaí iad féin nuair a úsáideann siad structúir & teanga mí-chruinn
- a chloisfidimid na daltaí ag úsáid nathanna cainte agus saibhreas teanga agus iad ag caint ní hamháin go foirmeálta sa rang ach go neamhfhoirmeálta eadartha féin
- a bhíonn na briathra rialta & neamhrialta á úsáid i gceart 'sna haimsirí éagsúla
- nuair a fheicimid feabhas ar chruinneas agus saibhreas teanga sa scríbhneoireacht